# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2023

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Mandairínis

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus an scéim mharcála á léamh, ba chóir aird a thabhairt ar na pointí seo a leanas:

- Maidir le gach roinn den scrúdú, níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagra eile ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le nathanna cainte, frásaí agus focail eile atá ar comhchiall leis na cinn atá ar fáil ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna athrú ó bhliain go bliain, dá réir sin.

- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

- Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoi bhailíocht aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.

**LÉAMHTHUISCINT: 80 marc**

**Freagair Ceist 1, Ceist 2, Ceist 3 AGUS Ceist 4**

## Ceist 1 - 14 mharc

**(a)** Líon isteach an tábla de réir an chláir fógraí thuas. (4 x 2 mharc)

**(i)** C1
**(ii)** B2
**(iii)** A4
**(iv)** C4

**(b)** Cuir in iúl cé acu Fíor nó Bréagach atá na habairtí seo a leanas. Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

| | | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|---|
| **(i)** | De réir an chláir fógraí, ní féidir dul go dtí an t-ollmhargadh tar éis 10pm. | ✓ **(3 mharc)** | |
| **(ii)** | Is féidir dul ag siopadóireacht sa siopa torthaí ag an deireadh seachtaine. | | ✓ **(3 mharc)** |

*[De bharr earráid aistriúcháin, bronn 3 mharc ar gach iarrthóir a thugann faoi C.1(b)(i)]*

## Ceist 2 - 20 marc

**(a)** Freagair na ceisteanna seo a leanas faoi uaireanta oscailte an zú. (2 x 2 mharc)

**(i)** Cad é an t-am is luaithe is féidir dul isteach sa zú ar an Máirt?

9:00 r.n./9:00 ar maidin

**(ii)** Cad é an t-am is déanaí is féidir dul isteach sa zú?

5:00 i.n./17:00/5:00 tráthnóna

**(b)** Freagair na ceisteanna seo a leanas faoi na himeachtaí sa zú. (5 x 2 mharc)

**(i)** Cén lá den tseachtain is féidir na hainmhithe a fheiceáil ag ithe lóin?

Dé Céadaoin

**(ii)** Tá ceithre ní is féidir le turasóirí a fhoghlaim faoi ainmhithe ag an ionad foghlama sa zú. Liostaigh **trí** cinn díobh.

Ainmneacha na n-ainmhithe, a ngnáthóga/na háiteanna a raibh cónaí orthu, an saghas aimsire a thaitníonn leo, na gníomhaíochtaí a thaitníonn leo

(Freagair aon trí cinn, 2 mharc an ceann)

**(iii)** Cá háit sa zú ar féidir le turasóirí an taisce a aimsiú? Freagair an cheist seo i **Mandairínis**.

游乐场

**(c)** Freagair na ceisteanna seo a leanas faoi na ticéid don zú. (3 x 2 mharc)

**(i)** Cén praghas atá ar thicéad lae do mhac léinn?

8 yuan/kuai

(1 mharc don uimhir, 1 mharc don aonad airgeadra)

**(ii)** Tá mac léinn ag iarraidh cuairt a thabhairt ar an zú in éineacht le beirt lánfhásta óna theaghlach. Cad é an ticéad lae is saoire atá ar fáil dóibh?

35 yuan/kuai / an ticéad teaghlaigh

(1 mharc don uimhir, 1 mharc don aonad airgeadra)

**(iii)** Cén costas a bheadh ar phas bliana don zú do sheanduine?

60 yuan/kuai

(1 mharc don uimhir, 1 mharc don aonad airgeadra

## Ceist 3 - 26 marc

**(a)** Cén dath a bhí ar bhrionglóid an éinín inné? Cén fáth a raibh an dath sin ar bhrionglóid an éinín? (1+ 3 mharc)

Bán.

Chonaic an t-éinín na scamaill bhána

**(b)** Cén dath a bhí ar bhrionglóid an éinín inniu? Cén fáth a raibh an dath sin ar bhrionglóid an éinín? (1 + 3 mharc)

Glas.

Chonaic an t-éinín na crainn ghlasa.

**(c)** De réir an dáin, cén dath, dar leat, a bheidh ar bhrionglóid an éinín amárach? Tabhair fáth le do fhreagra? (1 + 3 mharc)

Dearg/Buí/Gorm/Dathanna an tuair ceatha/
Feicfidh an t-éinín bláthanna dearga/beacha buí/abhainn ghorm sa Ghairdín amárach.
/ Feicfidh an t-éinín dathanna éagsúla sa ghairdín.
(Aon fhreagra réasúnta)

**(d)** Tá trí áit luaite sa dán. Luaigh ceann **amháin** díobh. (1 x 2 mharc)

Spéir, foraois, gairdín

(Freagair aon cheann de na trí cinn)

**(e)** Líon isteach na bearnaí sa tábla thíos. Tá na carachtair don chéad cholún le fáil sa dán thuas.

| Carachtar sa litir (Freagair i **Mandairínis**) | Brí an charachtair (Freagair i **mBéarla**) | Fréamh an charachtair (Freagair i **Mandairínis**) | Brí na fréimhe (Freagair i **mBéarla**) |
|---|---|---|---|
| 园 | **Gairdín (1 mharc)** | 口 **(1 mharc)** | **Imeall (1 mharc)** |
| 晚 **(1 mharc)** | Déanach/Tráthnóna | 日 **(1 mharc)** | **Grian/Lá (1 mharc)** |
| 到 **(1 mharc)** | **Teacht (1 mharc)** | 刂 | **scian (1 mharc)** |
| 树/林 **(1 mharc)** | **Crann/foraois (1 mharc)** | 木 **(1 mharc)** | coill |

## Ceist 4 – 20 marc

**(a)** Bhí an teophota suimiúil ar dhá chúis, dar leis an údar. Tabhair cúis **amháin** díobh.

(1 x 2 mharc)

An té a itheann, déanann sé an chócaireacht chomh maith.

Is féidir leat pé rud is mian leat a chócaráil.

(Freagair aon cheann den dá cheann)

**(b)** Cad iad na céimeanna a bhaineann le teophota a dhéanamh i mBéising? (2 x 2 mharc)

Fiuch an t-uisce.
Beirigh uaineoil/caoireoil.

**(c)** Cuir in iúl cé acu Fíor nó Bréagach atá na habairtí seo a leanas. Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

| | | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Is beag anraith a bhíonn sa teophota Síneach. | | ✓ **(3 mharc)** |
| **(ii)** | Bíonn an geimhreadh an-fhuar i mBéising. | ✓ **(3 mharc)** | |
| **(iii)** | Is maith le daoine teophota spíosrach a ithe in Chongqing. | ✓ **(3 mharc)** | |
| **(iv)** | Itheann daoine in Chongqing teophota gan iasc. | | ✓ **(3 mharc)** |

**(d)** Cén tír, atá luaite thuas, ina n-itheann daoine arán leis an teophota? (1 x 2 mharc)

An Eilvéis

## SCRÍOBH NA TEANGA - 80 MARC

**SCRÍOBH NA TEANGA - TREORACHA MARCÁLA**

Cuir ciorcal i ndath dearg thart ar earráidí sna carachtair. Ná cuir ciorcal ach thart ar an gcéad tarlú den earráid seo.
Úsáid línte corracha i gcás botúin ghramadaí.
Bain úsáid as folínte i gcás ionadú carachtar.

Tugtar miondealú na marcanna do Cheist 5/6 thíos:

- Cumarsáid = 20 marc
- Teanga = 20 marc

Ní mór don iarrthóir <u>trí</u> thasc a dhéanamh. Ba chóir creidiúint a thabhairt do gach tasc a luaithe a thagtar air sa fhreagra trí 1, 2, 3 a chur ar an imeall clé.

Ansin, tugtar marc do gach ceist faoin dá cheannteideal (cumarsáid agus teanga) i gcomhréir leis an gcreat marcála thíos.

Mura ndéanann iarrthóir ach dhá cheann de na trí thasc, is gnách nach mbainfidh sé/sí banda níos airde ná banda 2 amach, nó banda a haon mura ndéanann sé/sí ach ceann amháin de na trí thasc.

Leagtar amach i ngach banda na tréithe tipiciúla a bhaineann le hobair sa bhanda áirithe sin. Mura gcomhlíonann an freagra ceann amháin de na critéir sin, ní chiallaíonn sé go n-aistrítear an marc go dtí an chéad bhanda eile níos ísle i ngach cás, m.sh., má bhaineann an freagra an caighdeán cuí amach go héasca i dtaca le gnéithe eile nó má tá sé os cionn an chaighdeáin sin.

**GREILLE MHARCÁLA**

| **Ceisteanna 5 & 6** | **Cumarsáid (Freagra ar an tasc & Comhleanúnachas)** |
|---|---|
| 14 go 20 marc **Ardleibhéal gnóthachtála** | 1. Ábhar sothuigthe<br>2. Cuspóir agus aidhm curtha in iúl go soiléir<br>3. Cuirtear an tasc/na tascanna i gcrích go maith nó go sármhaith<br>4. Cuirtear sonraí ábhartha ar fáil de ghnáth, agus iad sa chomhthéacs ceart |
| 8 go 13 mharc **Leibhéal measartha gnóthachtála** | 1. Tá an t-ábhar ábhairín sothuigthe/réasúnta sothuigthe<br>2. Tá an cuspóir agus aidhm sothuigthe<br>3. Cuirtear an tasc i gcrích go sásúil<br>4. Cuirtear roinnt sonraí ábhartha ar fáil |
| 0 go 7 marc **Leibhéal íseal gnóthachtála** | 1. Tá an t-ábhar dothuigthe nó is le dua a thuigtear é<br>2. Is le dua a thuigtear an cuspóir agus an aidhm nó ní thuigtear in aon chor iad.<br>3. Cuirtear an tasc/na tascanna i gcrích go sásúil, ach ar éigean é nó ní chuirtear i gcrích go sásúil in aon chor é/iad.<br>4. Ní chuirtear aon/líon an-bheag sonraí ábhartha ar fáil. |

| Ceist<br>5 & 6 | Teanga<br>(Stór Focal, Cruinneas & Raon Gramadaí) |
|---|---|
| 14 go 20 marc<br><br>**Ardleibhéal gnóthachtála** | 1. Tá an stór focal sásúil/maith a dhóthain chun an tasc/na tascanna a chur i gcrích<br>2. Úsáidtear struchtúir ghramadaí shimplí ach bíonn siad ceart den chuid is mó<br>3. Bíonn ord na bhfocal ceart den chuid is mó<br>4. Roinnt botún nó gan aon bhotúin sna carachtair, ach ní chailltear an iomarca den bhrí dá bharr sin<br>5. Is annamh a dhéantar carachtair a ionadú trí theangacha nó modhanna eile a úsáid (m.sh., pinyin, carachtair thraidisiúnta, teanga dhúchais, siombailí foghraíochta eile ...)<br>Suas le 3 ionadú i gcás C5, agus suas le 6 ionadú i gcás C6) |
| 8 go 13 mharc<br><br>**Leibhéal measartha gnóthachtála** | 1. Tá an stór focal teoranta ach is leor é chun an tasc/na tascanna a chur i gcrích<br>2. Úsáidtear raon teoranta de struchtúir ghramadaí arís is arís eile agus botúin iontu corruair<br>3. Déantar roinnt botún in ord na bhfocal, ach ní chailltear an bhrí dá bharr sin<br>4. Déantar botúin go minic sna carachtair, ach ní chailltear an bhrí nó ní chailltear ach beagáinín di dá bharr sin<br>5. Déantar carachtair a ionadú roinnt uaireanta trí theangacha nó modhanna eile a úsáid (m.sh., pinyin, carachtair thraidisiúnta, teanga dhúchais, siombailí foghraíochta eile ...)<br>Suas le 5 ionadú i gcás C5, agus suas le 10 n-ionadú i gcás C6) |
| 0 go 7 marc<br><br>**Leibhéal íseal gnóthachtála** | 1. Tá an stór focal easnamhach, agus ní leor é chun an tasc/na tascanna a chur i gcrích<br>2. Úsáidtear raon teoranta de struchtúir ghramadaí arís is arís eile agus botúin iontu go han-mhinic<br>3. Déantar roinnt/go leor botún in ord na bhfocal, agus cailltear an bhrí dá bharr sin<br>4. Déantar botúin go minic sna carachtair, agus cailltear an chuid is mó den bhrí dá bharr sin<br>5. Déantar carachtair a ionadú go minic trí theangacha nó modhanna eile a úsáid (m.sh., pinyin, carachtair thraidisiúnta, teanga dhúchais, siombailí foghraíochta eile ...)<br>Níos mó ná 5 ionadú i gcás C5, agus níos mó ná 10 n-ionadú i gcás C6) |

## CLUASTUISCINT - 100 MARC

Má tá freagra i mBéarla/i nGaeilge ag teastáil: bronn 50% de na marcanna sa chás go n-úsáidtear aon teanga eile seachas Béarla/Gaeilge.
Má tá freagra i Mandairínis ag teastáil: bronn 50% de na marcanna sa chás go n-úsáidtear aon teanga eile seachas Mandairínis.

**Roinn A (10 marc)**

**1.** **(a)** Cén praghas atá ar an úll? (1 x 2 mharc)

2/dhá (kuai/yuan)

**(b)** Cé mhéad úll is mian leis an gcustaiméir a cheannach? (1 x 2 mharc)

4/ceithre cinn

**2.** Cén blas oráiste a thaitníonn le hiníon an chustaiméara? (1 x 2 mharc)

milis

**3.** **(a)** Cé mhéad oráiste searbh a cheannaíonn an custaiméir? (1 x 2 mharc)

7/seacht gcinn

**(b)** Cad é costas iomlán na dtorthaí? (1 x 2 mharc)

59/caoga a naoi (kuai/yuan)

**Roinn B: 16 mharc**

**1.** **(a)** Cén tír a bhfuil Wang Ming ina chónaí inti faoi láthair? (1 x 2 mharc)

Éire

**(b)** Cén tír a raibh Wang Ming ina chónaí inti roimhe seo? (1 x 2 mharc)

An tSín

**2.** Conas a théann Wang Ming ar scoil? Cá fhad a thógann an turas go dtí an scoil?

(2 x 3 mharc)

de shiúl na gcos

20 nóiméad

**3.** **(a)** Cén t-am a chríochnóidh rang Wang Ming amárach? (1 x 2 mharc)

3:20 i.n./15:20/3:20 tráthnóna

**(b)** Cá mbuailfidh siad lena chéile? (1 x 2 mharc)

sa leabharlann

**(c)** Cén taobh den seomra ranga a bhfuil an giomnáisiam suite air? (1 x 2 mharc)

ar an taobh clé

**Roinn C: 17 marc**

**1.** **(a)** Conas a bhraitheann Chen Xing faoi láthair? (1 x 2 mharc)

An-te

**(b)** Cén cineál aimsire atá á thuar don lá inniu? (1 x 2 mharc)
Beidh sé an-fhuar

**2.** **(a)** Dar le Jean, cathain a bheidh báisteach ann? (1 x 2 mharc)

Tráthnóna / Tráthnóna inniu

**(b)** Cén fáth nár thug Chen Xing cóta báistí leis? (1 x 3 mharc)
Ní raibh báisteach ann ar maidin.

**3.** **(a)** Cé mhéad cóta báistí atá ag Jean? (1 x 2 mharc)

Dhá/2 cheann

**(b)** Cén dath atá ar an gcóta báistí a theastaíonn ó Chen Xing a chaitheamh? (1 x 2 mharc)
Dubh

**(c)** Cén fáth a roghnaíonn Chen Xing cóta báistí den dath sin? (1 x 4 mharc)
Tá an cóta báistí dearg róbheag dó

**Roinn D: 16 mharc**

**1.** Freagair na ceisteanna faoin gcéad fhógra.

**(a)** Cad é uimhir bhealaigh an chórais iompair? (1 x 2 mharc)

41/daichead a haon

**(b)** Nascann an chéad stad eile dhá áit le chéile. Ainmnigh **ceann amháin** díobh. (1 x 2 mharc)

Oifig an phoist/ an meal siopadóireachta

(Freagair aon cheann den dá cheann)

**2.** Freagair na ceisteanna faoin dara fógra.

**(a)** Cén modh iompair a luaitear? (1 x 2 mharc)

Eitleán/eitilt/aerárthach

**(b)** Cad a chuirfear ar fáil tar éis an dinnéir?
(2 x 2 mharc)

Torthaí

Sneaiceanna/milseog

**3.** Freagair na ceisteanna faoin tríú fógra.

**(a)** Cad a sheiceálfar tar éis 15 nóiméad? (1 x 3 mharc)

Ticéid (traenach)

**(b)** Cad é ceann scríbe na traenach?
(1 x 3 mharc)

Xi'an

**Roinn E: 19 marc**

**1.** **(a)** Cathain a chuaigh Mark go Baile Átha Cliath? (1 x 2 mharc)

An mhí seo caite

**(b)** Cé air/uirthi ar thug Mark cuairt i mBaile Átha Cliath? (2 x 2 mharc)
A sheanmháthair

Deartháir leis, atá níos sine ná é

**2.** **(a)** Cad a cheapann deartháir Mark, atá níos sine ná é, faoin scannán? (1 x 2 mharc)

Ceapann sé go bhfuil sé an-mhaith.

**(b)** Cad a cheapann Mark faoin ollscoil a bhfuil a dheartháir, atá níos sine ná é, ag freastal uirthi? (1 x 2 mharc)
Ceapann sé go bhfuil sí go deas/go hálainn.

**3.** Cuir in iúl cé acu Fíor nó Bréagach atá na habairtí seo a leanas. Cuir tic (□) sa bhosca ceart.

| | | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|---|
| **(a)** | Ní raibh Lin Yi i mBaile Átha Cliath riamh cheana. | | ✓ **(3 mharc)** |
| **(b)** | Níor thriail Mark bia Síneach riamh cheana. | ✓ **(3 mharc)** | |
| **(c)** | Teastaíonn ó Mark dul go Baile Átha Cliath le Lin Yi an chéad uair eile. | ✓ **(3 mharc)** | |

**Roinn F: 22 marc**

**1.** **(a)** Cén bhliain a tháinig Luke go dtí an tSín? (1 x 2 mharc)

2019

**(b)** Déanann Luke staidéar ar dhá ábhar i Shang-hai. Cad iad na hábhair sin? (2 x 2 mharc)

Mandairínis
Matamaitic

**(c)** Cá raibh Luke ag obair mar fhreastalaí siopa? (1 x 2 mharc)

I siopa leabhar

**2.** **(a)** Cathain nach mbíonn ranganna ag Luke i mbliana? (1 x 2 mharc)

Meitheamh go Lúnasa

**(b)** Dar le Luke, cén fáth a mbeidh a chabhair ag teastáil ó roinnt othar? (1 x 3 mharc)

Go leor de na hothair ó thíortha eile, ní bhíonn Mandairínis mhaith acu.

**3.** Cuir in iúl cé acu Fíor nó Bréagach atá na habairtí seo a leanas. Cuir tic (□) sa bhosca ceart.

| | | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|---|
| **(a)** | Múineann Luke Mandairínis ar an Satharn. | | ✓ **(3 mharc)** |
| **(b)** | Is féidir le Luke oibriú san ospidéal ar an Aoine. | ✓ **(3 mharc)** | |
| **(c)** | Is féidir le Luke oibriú san ospidéal ó 1pm go 5pm. | | ✓ **(3 mharc)** |

# Aguisín 1
## Script CD

**Roinn A**

男:　您好，您想买什么水果？
女:　我想买苹果。苹果多少钱一个？
男:　苹果2块钱一个，您买几个？
女:　我买四个。

男：　您还想买什么？
女：　我还想买橙子。橙子甜吗？
男：　我们有甜的橙子，也有酸的橙子。您喜欢吃哪种？
女：　我喜欢酸的。但是我女儿喜欢甜的。

男：　那您买哪种？
女：　我买七个酸的橙子和十个甜的橙子。
男：　橙子三块钱一个。
女：　苹果和橙子一共多少钱？
男：　一共59块钱。

**Roinn B**

Lili:　你好，我叫Lili。你叫什么？
Wang：　你好，Lili，我叫Wang Ming。
Lili:　你刚来爱尔兰吗？
Wang:　对，我以前住在中国。

Lili:　现在你家在哪儿？
Wang：　我家在公园的旁边。
Lili：　我家也是。你的学校远吗？
Wang:　不太远，走路20分钟就到了。
Lili:　我们是一个学校吗？
Wang：　我想是的。明天我们可以一起去学校。
Lili：　好的。

Wang:　我明天下午3点20分下课，你呢？
Lili:　我也是，我们在图书馆见吧。
Wang:　好，图书馆怎么走？
Lili:　教室的左边是体育馆，教室的右边是图书馆。
Wang:　好，明天见。
Lili:　明天见。

**Roinn C**

Jean: 陈星，你穿了很多衣服，热不热？
Chen: 我太热了！Jean
Jean: 你今天怎么穿这么多？
Chen: 我昨天看电视，电视说今天会很冷，我就穿了很多衣服。

Jean: 今天下午会下雨。下雨以后，天气就不热了。你有雨衣吗？
Chen: 早上没有下雨，所以我没有带雨衣。

Jean: 我有两件雨衣。红色的有点小，黑色的大一点。你想穿哪件？
Chen: 我穿黑色的，红色的太小了。
Jean： 好的，给你。
Chen: 好的，谢谢你。

**Roinn D**

1

大家好！谢谢您坐41路公共汽车。
现在是上午十点三十五分。
下一站，市中心，十点四十三分到。
去邮局和商场，请在下一站下车。

2

大家好！谢谢您坐这次的飞机。
现在是晚上六点四十分。
七点三十分，我们会给大家晚饭。
晚饭后有水果和点心。
飞机明天上午九点二十分到北京。

3

大家好！谢谢您坐T245火车。
现在是下午三点二十分。请您现在找一找您的车票。
十五分钟后，我们会看您的车票。
火车四点到西安。

**Roinn E**

Lin: Mark，你上个月去哪儿了？
Mark: 我去了都柏林。
Lin: 你为什么去都柏林？
Mark: 我奶奶住在都柏林。我哥哥也在那儿上大学。
我和爸爸妈妈一起去看他们。

Lin: 在都柏林，你做了什么？
Mark: 我和哥哥一起去看了电影。我们还去了他的大学。
Lin: 你觉得电影怎么样？
Mark: 我觉得电影没有意思，但是我哥哥觉得电影很好看。
Lin: 你哥哥的大学怎么样？
Mark: 大学很漂亮。我很喜欢。

Mark： Lin Yi，你去过都柏林吗？
Lin: 我去过。我最喜欢去都柏林吃中国菜。
Mark: 我没有吃过中国菜，下次我们一起去吧。
Lin: 好的。

**Roinn F**

你好，我叫Luke，我是爱尔兰人。我2019年来到中国。
我在上海学习三年了，我学习中文和数学。
我也在书店做服务员。
我每天都说中文。我的中文很好。

今年六月到八月学校没有课，我想在医院工作。
我说英语，也说中文。很多外国人看医生，他们的中文不太好。
我可以帮助他们。

星期六我教中国学生学英语。星期天我休息。
星期一到星期五，我可以来医院工作。
每天下午两点到五点，我有时间。